2026/2142

29.9.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2142 ÓN gCOIMISIÚN

an 25 Meán Fómhair 2026

lena gceadaítear don Iodáil táirge bithicídeach ina bhfuil fluairíd sulfairile a údarú chun an oidhreacht chultúrtha a chosaint

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2026) 6676)

(Is é an téacs Iodáilise amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 55(3) de,

Tar éis dul i gcomhairle leis an mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Cuimsíodh fluairíd sulfairile in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 98/8/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirgí 8 agus 18. Dá bhrí sin, de bhun Airteagal 86 de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, measadh fluairíd sulfairile a bheith formheasta go dtí an 31 Nollaig 2018 lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirgí 8 agus 18.

(2) Cuireadh isteach iarratais ar athnuachan an fhormheasa maidir le fluairíd sulfairile lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirgí 8 agus 18 an 28 Meitheamh 2017, i gcomhréir le hAirteagal 13(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(3) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2402 ón gCoimisiún ([3]), foráladh nárbh fhéidir a chinneadh an gcomhlíonann fluairíd sulfairile na critéir dá dtagraítear in Airteagal 5(1), pointí (c) agus (d), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 agus an raibh na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 fós á gcomhlíonadh. Dá bhrí sin, ní dhearnadh athnuachan ar an bhformheas maidir le fluairíd sulfairile lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirgí 8 agus 18.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 55(3) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, an 16 Aibreán 2026, chuir an Iodáil iarratas faoi bhráid an Choimisiúin ar mhaolú ar Airteagal 19(1), pointe (a), den Rialachán sin, inar iarr sí cead a bheith aici an táirge bithicídeach 'Vikane' a údarú chun an oidhreacht chultúrtha a chosaint, go sonrach chun cosaint a thabhairt do réada oidhreachta cultúrtha móra dochorraithe a bhfuil codanna adhmaid acu, amhail eaglaisí, muilte gaoithe agus foirgnimh stairiúla eile.

(5) Is táirge bithicídeach é 'Vikane' de chineál táirge 8 (leasaithigh adhmaid), mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, ina bhfuil fluairíd sulfairile mar shubstaint ghníomhach, agus tá sé beartaithe é a úsáid trí thoitriú ag gairmithe oilte.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj.

([2]) Treoir 98/8/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 1998 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar an margadh (IO L 123, 24.4.1998, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1998/8/oj).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2402 ón gCoimisiún an 12 Meán Fómhair 2024 gan athnuachan a dhéanamh ar an bhformheas maidir le fluairíd sulfairile lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirgí 8 agus 18 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, (IO L, 2024/2402, 13.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/2402/oj).

(6) Is féidir le raon leathan orgánach díobhálach, ó fheithidí go miocrorgánaigh, dochar a dhéanamh don oidhreacht chultúrtha. Is féidir le roinnt speicis feithidí a úsáideann adhmad mar fhoinse bia damáiste tromchúiseach a dhéanamh d'adhmad tógála agus ní mór iad a rialú. Tá sé i gcroílár na gcleachtas caomhnaithe oidhreachta damáiste a chosc agus an oiread ábhair bhunaidh agus is féidir a choinneáil. Is féidir le feithidí tollta adhmaid damáiste tromchúiseach a dhéanamh d'fhabraic tógála luachmhar (mar shampla, bíomaí, cláir urláir, painéil) agus daingneáin (mar shampla, caibinéid ionsuite, altóirí eaglaise). D'fhéadfadh iarmhairtí struchtúracha a bheith ag ionsaithe tromchúiseacha feithidí freisin i gcás ina ndéantar adhmad tógála a lagú ar bhealach do-ghlactha. Gan cóireáil chuí, d'fhéadfaí damáiste doleasaithe a dhéanamh d'fhoirgnimh, rud a d'fhágfadh go mbeadh an oidhreacht chultúrtha go mór i mbaol.

(7) De réir na faisnéise a chuir an Iodáil ar fáil, is cosúil gurb é úsáid 'Vikane' an t-aon teicníc éifeachtach chun orgánaigh dhíobhálacha a rialú ar féidir í a úsáid le haghaidh réada oidhreachta cultúrtha móradochorraithe a bhfuil codanna adhmaid acu gan damáiste a dhéanamh. Inmhíolú feithidí tromchúiseach nó forleathan a d'fhéadfadh dul isteach go domhain san adhmad, is féidir leis a bheith deacair a chóireáil trí mhodhanna eile a úsáid a bhfuil treá níos teoranta nó níos logánta i gceist leo i gcomparáid le fluairíd sulfairile. Mar gheall ar an gcaoi a ngníomhaíonn fluairíd sulfairile go mear, tá sí níos oiriúnaí freisin do ráigeanna an-ghníomhach, ina bhféadfadh inmhíolú leanúnach, fiú sa ghearrthéarma, damáiste struchtúrach a dhéanamh.

(8) Mar a léiríonn an Iodáil san iarratas uaithi, is cosúil nach bhfuil úsáid nítrigine a ghintear in situ oiriúnach chun an cineál sin foirgneamh adhmaid a chóireáil, mar gheall ar a méid mór, rud a fhágann nach féidir tiúchaintí na substainte is gá a choinneáil fada go leor chun cóireáil éifeachtúil a dhéanamh.

(9) De réir na hIodáile, tá teicnící eile ar fáil chun orgánaigh dhíobhálacha a rialú, amhail cóireáil teasa, cóireáil ísealteochta, cóireáil aeir the faoi rialú bogthaise. De réir na faisnéise san iarratas, áfach, tá srianta ag gach ceann de na teicnící sin de bharr an damáiste a d'fhéadfaí a dhéanamh d'ábhair áirithe le linn na cóireála.

(10) Mar a luaitear san Iarratas ón Iodáil, is measa an phróifíl ghuaise a bhíonn ag substaintí gníomhacha bithicídeacha eile a d'fhéadfaí a úsáid chun orgánaigh dhíobhálacha a rialú (mar shampla, ocsaíd eitiléine, ciainíd hidrigine nó foisfín) ná mar a bhíonn ag fluairíd sulfairile. Thairis sin, d'fhéadfadh na substaintí sin imoibriú le hábhair na réad oidhreachta cultúrtha, rud a bheadh ina chúis le hathruithe dochúlaithe, agus níl cuid acu formheasta lena n-úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 8.

(11) Tá an Coimisiún ar an eolas go ndúirt monaróir na substainte gníomhaí atá sa táirge bithicídeach 'Vikane', arb é sealbhóir an údaraithe roimhe sin don táirge bithicídeach é, go bhfuil sé beartaithe aige iarratas nua a chur isteach ar fhormheas maidir le fluairíd sulfairile lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 8. Dá ndeonófaí formheas, d'fhéadfadh Ballstáit amach anseo táirgí ina bhfuil fluairíd sulfairile i gcineál táirge 8 a údarú gan gá le maolú faoi Airteagal 55(3) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Mar sin féin, tá am ag teastáil chun measúireacht a dhéanamh ar iarratas den sórt sin agus údaruithe táirge a fháil ina dhiaidh sin.

(12) Léiríonn an fhaisnéis agus leis an t-údar atá san iarratas a chuir an Iodáil isteach go bhfuil 'Vikane' fíor-riachtanach chun cóireáil a dhéanamh ar an oidhreacht chultúrtha agus nach bhfuil aon rogha mhalartach iomchuí ar fáil chun cóireáil a dhéanamh ar réada oidhreachta cultúrtha san Iodáil, go háirithe chun cóireáil a dhéanamh ar réada móra dochorraithe a bhfuil codanna adhmaid acu, ós rud é go mbaineann míbhuntáistí leis na teicnící malartacha uile atá ar fáil faoi láthair mar gheall ar neamh-oiriúnacht ó thaobh gach ábhar a chóireáil nó nach bhfuil siad praiticiúil.

(13) Ar bhonn na faisnéise agus an údair a chuir an Iodáil ar fáil, tá sé iomchuí teacht ar an gconclúid go bhfuil an táirge bithicídeach 'Vikane' fíor-riachtanach chun oidhreacht chultúrtha a chosaint san Iodáil agus nach bhfuil aon rogha mhalartach iomchuí ar fáil sa Bhallstát sin. Dá bhrí sin, ba cheart don Iodáil a bheith in ann údarú a thabhairt an táirge bithicídeach 'Vikane' a úsáid chun an oidhreacht chultúrtha a chosaint, go sonrach chun réada oidhreachta cultúrtha móra dochorraithe a bhfuil codanna adhmaid acu a chosaint,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Féadfaidh an Iodáil údarú a thabhairt an táirge bithicídeach de chineál 8 'Vikane' a úsáid chun réada oidhreachta cultúrtha mórscála, dochorraithe a bhfuil codanna adhmaid acu a chosaint, go dtí an 30 Meán Fómhair 2031.

Airteagal 2

Is chuig Poblacht na hIodáile a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
Olivér VÁRHELYI
Comhalta den Choimisiún